

Comórtas Náisiúnta

SCILEANNA GAIRME

Clár na hIdirbhliana

Forbhreathnú ar an gComórtas

Tá an comórtas oscailte do dhaltáí sa tsraith shinsearach in Éirinn a rinne socrúchán oibre. Tá trí chomórtas ar leith ann, agus beidh na daltaí i ngach catagóir in iomaíocht le daltaí sa chatagóir chéanna, mar seo a leanas:

- Idirbhliain
- Ardteistiméireacht (GCAT agus ATF san áireamh)
- Iontrálacha as Gaeilge

Tá sonraí sa cháipéis seo a bhaineann le hiarratais na hIdirbhliana amháin.

Caithfidh daltaí cur isteach ar an gcomórtas tríd an scoil. Caithfidh comhordaitheoir / múinteoir chlár na hIdirbhliana, GCAT nó ATF nó an treoirchomhairleoir an t-iarratas a fhaomhadh chun go nglacfar leis agus caithfidh sonraí na ndaltaí a bheith ann mar chuid den iarratas.

Nóta: Níl cead ag daltaí cur isteach ar an gcomórtas céanna dhá bhliain i ndiaidh a chéile.

Sonraí Iarratais – Iarratais Idirbhliana

Doiciméad (priontáilte, seolta ar r-phost nó iarratas ar líne) déanta ar an bpróiseálaí focal nó ar bhlag físeáin (**Vlog**), a bhfuil imscrúdú gairme agus ráiteas scileanna gairme ann, atá ag teastáil. *Ba chóir do na hiarratais Vlog cloí leis na treoirlínte atá leagtha amach i rannóg 5.*

Ba cheart go mbeadh an doiciméad soiléir agus gonta agus ba cheart go mbeadh na rannóga seo a leanas ann:

1. Sonraí Iontrála:

Sonraí an iontrálaí:	Ainm, Ríomhphost, Uimhir ghutháin
Sonraí na scoile:	Ainm na scoile, Seoladh na scoile
Sonraí an mhúinteora:	Ainm, Ríomhphost, Uimhir ghutháin
Clár na scoile:	Luaigh an Idirbhliain

2. An tImscrúdú Gairme [40%] (Iarratais chlóschríofa/ar dhoiciméad)

Tá an comórtas dírithe ar an imscrúdú gairme ar leith atá déanta agat. Go hidéalach is ionann an ghairm seo agus an ceann a rinne tú i gcomhair do shocrúchán oibre ach níl sé seo indéanta i gcónaí. Más ionann é agus do shocrúchán oibre tá na sonraí seo ag teastáil:

Teideal an phoist (nó an réimse gairme).

Cur síos ar an bpost (nó ar an réimse gairme). [5%]

Cur síos atá anseo ar an gcineál oibre a bheadh idir lámha ag an duine, na príomhthascanna agus na príomhfhreagrachtaí san áireamh.

Riachtanais Eolais [5%]

Téigh trí liosta na réimsí sainábhar a bhfuil cur síos orthu i mbileog oibre na riachtanas eolais (ar fáil ar líne). Roghnaigh an dá réimse eolais is tábhachtaí, dar leat, don ghairm seo agus tabhair fáthanna le do thuairim.

Conairí Oideachais [5%]

Sainaithin cúrsa amháin a bhfuil an ghairm seo mar thoradh air. Bain úsáid as na ceannteidil seo chun an t-eolas a chur ar fáil:

Ainm an chúrsa [agus cód má tá sé ar fáil]

Ainm an Choláiste nó na hEagraíochta [m.sh., IT Chorcaí]

Riachtanais Iontrála an Chúrsa [m.sh., GD3 ar a laghad sa Ghaeilge, GD3 sa Bhéarla, AC3 sa Mhata]

Áit le cur isteach ar an gcúrsa [m.sh., tríd an CAO], 360 pointe a bhí ag teastáil anuraidh]

Fad an chúrsa [m.sh., 3 bliana lánaimseartha]

Leibhéal na cáilíochta ar an gCreat Náisiúnta [m.sh., Céim – Baitsiléir Onóracha [Leibhéal 8 NFQ ó NUI]

Na Scileanna Gairme a tugadh faoi deara [15%]

Téigh trí liosta na scileanna gairme a bhfuil cur síos orthu i mbileog oibre na scileanna gairme (téigh go dtí an leathanach cúil). Roghnaigh dhá scil a thug tú faoi deara i rith do shocrúcháin oibre agus déan cur síos ar na fáthanna, dar leat, go bhfuil na scileanna sin tábhachtach do rathúlacht sa ghairm seo.

Na Scileanna Gairme a forbraíodh [10%]

Ag baint leasa as an liosta céanna, roghnaigh dhá scil ar bith agus déan cur síos ar na rudaí a rinne tú chun iad seo a fhorbairt le linn do thaithí oibre.

*Más imscrúdú ar ghairm atá difriúil ón socrúchán oibre atá á chur isteach agat, cuir na rudaí seo in áit rannóg na scileanna gairme a tugadh faoi deara:

Na scileanna gairme atá ag teastáil [15%]

Téigh trí liosta na scileanna gairme a bhfuil cur síos orthu i mbileog oibre na scileanna gairme. Roghnaigh na ceithre scil is tábhachtaí, dar leat, do rathúlacht sa ghairm seo.

3. Tuairisc ar do Thaithí Oibre [40%]

(Iarratais chlóschríofa/ar dhoiciméad)

Is taifead a bheidh sa chuid seo de d'iarratas ar ghnéithe áirithe den tréimhse s'agat ar thaithí oibre. Ba chóir go mbeadh na sonraí seo luaite:

- Ainm an chuideachta/an fhostóra
- Dátaí na tréimhse ar thaithí oibre

Ba chóir go mbeadh an t-eolas thíos bunaithe ar **dhá lá** a chaith tú ar thaithí oibre. Is gá an t-ábhar a chur i láthair i bhfoirm dialainne, leathanach amháin do gach lá.

Tascanna a comhlíonadh [5% + 5%]

Cur síos ar na tascanna laethúla

Oiliúint/Traenáil [3% + 3%]

Cur síos ar thraenáil nó oiliúint fhoirmiúil nó neamhfoirmiúil a cuireadh ar fáil

Caidreamh leis an bhfoireann/le custaiméirí [4% + 4%]

Cur síos ar an gcumarsáid leis an bhfoireann agus le custaiméirí i gcomhthéacs an phoist

Deacrachtaí nó dúshlán [5%+ 5%]

Cur síos ar dheacracht/dhúshlán a tháinig chun cinn agus mar a dhéileáil tú leis

Ábhar machnaimh [3% + 3%]

Ar tharla rud ar bith gan choinne? An raibh rudaí áirithe níos difriúla ná mar a shamhlaigh tú? Déan plé ar rud ar bith a sheas amach duit i rith an lae.

4. Tátail [10%] (Iarratais chlóschríofa/ar dhoiciméad)

Is deis é socrúchán oibre chun taithí a fháil duit féin ar an obair agus ar an taithí laethúil a bhaineann le do rogha gairme nó réimse gairme. Déan athbhreithniú ar do thaithí trí alt a scríobh ar gach ceann de na ceisteanna seo:

Measúnú [5%]

Cén tionchar a bhí ag do thaithí oibre maidir le treo do ghairme pearsanta?

An bhaint atá ag na scileanna leis an ngnáthshaol laethúil [5%]

Céard iad na scileanna a d'fhoghlaim tú ó do thaithí oibre a úsáidfídh tú i do ghnáthshaol laethúil?

An Doiciméad Iarratais

Ba cheart úsáid a bhaint as próiseálaí focal agus tú ag clóschríobh an iarratais a bheidh formáidithe chun doiciméad soiléir gonta a chur ar fáil. Bain úsáid as na ceithre cheannteideal thuas chun an doiciméad a leagan amach, agus tabhair an t-eolas atá ag teastáil do gach ceannteideal (ní bhuafaidh iarratais neamhiomlána duais).

5. Treoirínthe don Vlog (Iarratais Vlog amháin)

Ní bheidh an t-iarratas Vlog níos faide ná 3 nóiméad agus beidh an t-eolas thíos san áireamh:

Teideal an phoist (nó an réimse gairme). [5%]

Cur síos atá anseo ar an gcineál oibre a bheadh idir lámha ag an duine, na príomhthacsanna agus na príomhfhreagrachtaí san áireamh.

Riachtanais Eolais [5%]

Téigh trí liosta na réimsí sainábhar a bhfuil cur síos orthu i mbileog oibre na riachtanas eolais (ar fáil ar líne). Roghnaigh an dá réimse eolais is tábhachtaí, dar leat, don ghairm seo agus tabhair fáthanna le do thuairim.

Conairí Oideachais [5%]

Sainaithin cúrsa amháin a bhfuil an ghairm seo mar thoradh air. Bain úsáid as na ceannteidil seo thíos chun an t-eolas a chur ar fáil:

Ainm an chúrsa [agus cód má tá sé ar fáil]

Ainm an Choláiste nó na hEagraíochta [m.sh IT Chorcaí]

Riachtanais Iontrála an Chúrsa [m.sh., GD3 ar a laghad sa Ghaeilge, GD3 sa Bhéarla, AC3 sa Mhata]

Áit le cur isteach ar an gcúrsa [m.sh., tríd an CAO], 360 pointe a bhí ag teastáil anuraidh]

Fad an chúrsa [m.sh., 3 bliana lánaimseartha]

Leibhéal na cáilíochta ar an gCreat Náisiúnta [m.sh., Céim – Baitsiléir Onóracha [Leibhéal 8 NFQ ó NUI]

Ba chóir díriú isteach ar na heilimintí thíosluaite nuair atá Imscrúdú Gairme *Vlog* i gceist:

Machnamh [20%]

Cíor an tionchar a bhí ag do thréimhse ar thaithí oibre ar do shaol reatha agus ar do chuid smaointe faoin saol oibre agus pleannanna oideachais amach anseo.

Tuiscintí agus Léirmhíniú [20%]

Luaigh dhá scil ghairme a thug tú faoi deara agus dhá scil a d'fhorbair tú le linn do thréimhse ar thaithí oibre. Déan an tábhacht a bhaineann leo a phlé i gcomhthéacs na gairme gur mhaith leat féin tabhairt fúithi amach anseo.

Buaicphointí agus Dúshlán [20%]

Tabhair dhá shampla de bhuaicphointí agus de dhúshlán araon le linn do thréimhse ar thaithí oibre agus déan iad a mheas.

Tuiscintí agus Léirmhíniú [20%]

Luaigh dhá scil ghairme a thug tú faoi deara agus dhá scil a d'fhorbair tú le linn do thréimhse ar thaithí oibre. Déan an tábhacht a bhaineann leo a phlé i gcomhthéacs na gairme gur mhaith leat féin tabhairt fúithi amach anseo.

Cur i láthair & Cruthaitheacht [20%]

Bí cruthaitheach! Is féidir ábhar taifeadta díot féin ar an láthair oibre, den turas chun na hoibre agus/nó físeán díot féin ag nochtadh tuairimí faoin taithí oibre a sheoladh isteach.

An bealach le cur isteach ar an gcomórtas

Nuair atá an doiciméad críochnaithe agat ba cheart go seiceálfadh do mhúinteoir idirbhliana/gairmthreorach go bhfuil na ranna ábhartha ar fad ann. Déan cinnte de go bhfuil an t-eolas cuí ar fad i rannóg 1 (sonraí iontrála) agus go bhfuil sé cruinn. Is féidir an doiciméad a chur isteach sna bealaí seo.

1. Seol an doiciméad comhlánaithe mar cheangaltán ar ríomhphost chuig careerskills@careersportal.ie

nó

2. Priontáil an doiciméad agus seol é chuig an seoladh seo:

Comórtas Náisiúnta Scileanna Gairme,
7 Páirc Richview,
Cluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14.

nó

3. Cruthaigh an doiciméad ar líne – tá sé seo ar fáil do dhaltaí a chláraíonn le CareersPortal óna gComhad Gairme.

Is gá **na hiarratais Vlog** a uaslódáil go YouTube agus chuig an nasc a sholáthraítear ar an bhfoirm iontrála ar líne, mar aon leis na sonraí a luadh i rannóg 1. Rogha eile, sa mhullach ar an bhfoirm ar líne a líonadh isteach, ná an físchomhad a sheoladh chugainn trí Google Drive, WeTransfer nó seirbhís ar líne ar bith eile a cheadóidh aistriú comhad.

Is é an dáta deiridh d'iarratais ná Mí Aibreáin 2019, téigh ar líne chun an dáta cruinn a fháil. Fógrófar na buaiteoirí agus beidh an searmanas bronnta ar siúl i Mí Bealtaine 2019.

Moltóireacht

Foireann de ghairmithe Acmhainní Daonna (AD), de chomhordaitheoirí chlár náisiúnta na hIdirbhliana, GCAT, ATF agus de mhúinteoirí gairmthreorach a dhéanfaidh measúnú ar gach iarratas.